



**PLEAN FORBARTHA CHONTAE LOCH
GARMAN 2007 – 2013**



**MEASÚNÚ UM SHAINTRÉITHE
AN TÍRDHREACHA**



Clár

1. Téarmaí Tagartha

2.- RÉAMHRÁ

- 2.1. REACHTAÍOCHT, TREOIRLÍNTE, FASACH
- 2.2. AIDHM, CUSPÓIRÍ AGUS MODHEOLAÍOCHT
- 2.3. TEORAINNEACHA AGUS TREOIR

3.0 AN TÍRDHREACH

- 3.1. TÍRDHREACHA DINIMICIÚLA
- 3.2. TÍRDHREACHA AGUS ÚSÁID TALÚN
- 3.3. COBHSAÍOCHT TALÚN
- 3.4. AG DUL I NGLEIC LE HATHRUITHE
- 3.5. TIONCHAIR TÍRDHREACHA

4.0 TÍRDHREACH AN CHONTAE

- 4.1. AG MÚNLÚ AN TÍRDHREACHA: FOINSÍ NÁDÚRTHA AGUS TIONCHAR DAONNA
- 4.2. TÍRDHREACHA STAIRIÚLA AGUS CULTÚRTHA
- 4.3. AN TÍRDHREACH SA LÁ ATÁ INNIU ANN
- 4.4. TÍRDHREACHA AMACH ANSEO

5.0 MEASÚNÚ

- 5.1.0 RÉAMHRÁ

5.2.0 FACHTÓIRÍ NÁDÚRTHA TÍRDHREACHA

- 5.2.1. TOPAGRAFACHT, FÁNA AGUS IOMAIRÍ
- 5.2.2. GEOLAÍOCHT AGUS ITHIREACHA
- 5.2.3. FÁSRA AGUS CUMHDACH TALÚN

5.3.0 FACHTÓIRÍ DAONNA TÍRDHREACHA

5.3.1. FACHTÓIRÍ OIDHREACHTA AGUS EOLAÍOCHTA

5.3.2. OIDHREACTH CHULTÚRTHA

6.0 SAINTRÉITH AN TÍRDHREACHA

6.1. RÉAMHRÁ

6.2. PRÍOMHSHAINAITHINT

7.0 Príomhcheantair agus Príomhbheartais Saintréithe an Tírdhreacha

7.1. TALAMH ÍSEAL

7.2. CEANTAIR UACHTARACHA

7.3 CÓSTAÍ

8.0 ÍOGAIREACTH AN TÍRDHREACHA

8.1 RÉAMHRÁ – TÍRDHREACH AGUS TIONCHAIR AMHAIRC

8.2. TÍRDHREACHA SOMHILLTE

8.3. TÍRDHREACHA ÍOGAIRE

8.4. GNÁTHTHÍRDHREACHA

8.5. TÍRDHREACHA LÁIDRE

8.6. LÉARSCÁILIÚ ÍOGAIREACHTA AN TÍRDHREACHA

8.7 TÍRDHREACHA SOMHILLTE

8.8 TÍRDHREACHA ÍOGAIRE

8.9 GNÁTHTHÍRDHREACHA

8.10 TÍRDHREACHA LÁIDRE

8.11 FÁNAÍ > 15%

8.12 RÉIMSÍ BEARTAIS

1.- TÉARMAÍ TAGARTHA

Tá Comhairle Contae Loch Garman tar éis Seirbhísí Comhshaoil CAAS a choimisiúnú chun Tuarascáil Um Mheasúnú Saintréithe an Tírdhreacha a ullmhú. Tá sé seo ag tarlú mar gheall ar an bpáirteachas a bhí ag CAAS Teo. maidir le íogaireacht na talún sa Chontae a mheas cheana.

Ba chóir tabhairt faoi deara gur measúnú ar shaintréithe an tírdhreacha sa chontae í an tuarascáil seo agus níl sé i gceist go rachfaí i ngleic le straitéisí um bheartais tithíochta tuaithe ná go dtabharfaí treoir maidir le suíomh tithe faoin tuath laistigh den chontae.

2.- RÉAMHRÁ

2.1.- REACHTAÍOCHT, TREOIRLÍNTE, FASACH

Is iomaí ról a shamhlaítear le tírdhreacha in Éirinn, idir eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Is cinnte gur cuid thábhachtach de mhúnlú an tírdhreacha iad gníomhaíochtaí an duine, mar chuir cúrsaí talmhaíochta, tithíochta agus staire cruth ar thírdhreach na hÉireann. Ar an gcaoi chéanna, is iomaí athraithe atá tagtha ar thírdhreach Chontae Loch Garman in imeacht na mílte bliain agus leantar ag éabhlóidiú agus ag athrú sa lá atá inniu ann de thoradh gníomhaíochtaí daonna agus fórsaí nádúrtha.

Athraíonn tírdhreacha de réir mar a thagann athrú ar na bealaí a bhaineann daoine úsáid as an talamh chun freastal ar éilimh eacnamaíocha. Éiríonn an próiseas seo níos casta fós toisc nach ionann dearcadh aeistéitiúla gach duine ar áilleacht na talún de réir cúlraí cultúrtha an duine agus is féidir malairt tuairime teacht ar dhaoine ina thaobh de réir mar a thagann athrú agus forbairt ar shuílceí cultúrtha na sochaí thar am.

Is í aidhm Chuid IV (7) den chéad sceideal (S10) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 2000 ná: ***“Saintréith an tírdhreacha a chaomhnú, lena n-áirítear radhairc agus amhairc, agus conláiste áiteanna agus gnéithe na háilleachta nádúrtha nó na spéise”.***

Tá idirghníomhaíocht fhíorchasta idir úsáidí na talún a tharlaíonn amuigh faoin tuath ag croílár na hiarrachta seo; cuma éagsúla na n-úsáidí talún sin nuair a fheictear orthu ó shuímh áirithe agus ní mór tuairimí na ndaoine i leith radharc na talún a chur san áireamh.

Dá bharr sin, tá deacrachtaí ann i dtaobh chuspóir na reachtaíochta seo mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Féachtar inti chun tírdhreach dinimiciúil a “chaomhnú” (athrú a sheachaint), bíodh is gur tírdhreach é ar tháinig athrú air choíche, agus glactar leis go dtiocfaidh athrú air feasta.
- Glactar leis go bhfuil pointí tagartha seasta ann maidir le cad is “gnéithe áilleachta nádúrtha” ann, nuair nach bhfuil gach duine ar aonfhocal faoi

seo agus go bhfanann sé mar sin ó ghlúin go glúin. Léirítear san anailís seo freisin gur beag cinnteacht dhlíthiúil a bheadh le haon bheart rialaithe forbartha – ar nós ainmnithe mar gheall ar an “áilleacht nádúrtha” -, a chuirfeadh srianta ar chearta forbartha. Tá sé neamhfhoiristeanach a cheapadh go mbeadh riachtanas dlíthiúil ag gabháil le hainmnithe tírdhreacha ar fhorais “na háilleachta nádúrtha” amháin.

Tugtar sainmhíniú soiléir sna “*Treoirlínte um Mheasúnú Tírdhreacha agus Tionchair Radhairc*”¹ ar an gcaidreamh idir tionchair radhairc agus tírdhreacha ó tharla nach bhfuil i gceisteanna radhairc ach cuid bheag de réimse leathan ceisteanna a chuireann le saintréith nó le hidirdhealaitheacht an tírdhreacha. Deirtear an méid seo a leanas sna Treoirlínte:

“Ní feiniméan radhairc amháin é an tírdhreach; is iomaí rud a chuireann lena shaintréith (féach léarscáil¹) ina n-airítear an gheolaíocht bhunúsach, na hithreacha, an topagrafach, seandálaíocht, úsáid na talún, éiceolaíocht, ceangail chultúrtha. Tá tionchar ag na rudaí sin go léir ar na slí ina úsáideann daoine an talamh agus le luach na talún”

Ar an gcaoi chéanna, aibhsíonn Treoirlínte an EPA maidir leis an eolas is ceart a bheith i Ráitis Tionchair Chomhshaoil, nach bhfuil i gceisteanna radhairc ach cuid bheag amháin de réimse leathan ceisteanna, a chuireann le saintréith an tírdhreacha: -

“Pléitear dhá ghné éagsúla ghaolmhara ann. An chéad ghné atá le cur i gcuntas ná tionchair radhairc, ag díriú ar an méid agus is féidir forbairt nua a fheiceáil. Déantar machnamh sa dara gné ar thionchar ar shaintréith an tírdhreacha, áit a scrúdaítear tuairimí an phobail i leith na héifeachtaí comhcheangailte den forbairt nua. Is ceist chasta í seo toisc go gclúdaíonn sí roinnt mhaith tionchar eile ar nós torann, bolaithe, éiceolaíocht agus stair, toisc nach féidir braith ar iarrachtaí a rinneadh chun mothúcháin agus barúlacha a mheas go heolaíoch. Is mór an tábhacht a bhaineann le crostagairtí a dhéantar le sainábhair chuí ar nós éiceolaíocht, seandálaíocht agus stair ailtireachta.”

Mar thoradh air sin – agus chun cuid de na deacrachtaí luaite a réiteach - tá ***Treoirlínte um Thírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha*** ullmhaithe ag an Roinn Comhshaoil.² Is í aidhm na dTreoirlínte ná meabhraíocht faoi thábhacht an tírdhreacha i dtaca le gach gné de phleanáil fhisiceach a ardú agus moltar úsáid a bhaint as modh Measúnaithe Saintréithe an Tírdhreacha mar shlat tomhais a chabhródh chun Beartais um Chosaint Tírdhreacha ginearálta a mhúnlú.

¹ The Landscape Institute, Institute of Environmental Assessment, *Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment*, 1995.

² ***Landscape and Landscape Assessment Guidelines***, An Roinn Comhshaoil, 2001

Is é an prionsabal atá taobh thiar de Mheasúnú Shaintréithe an Tírdhreacha ná cur chuige córasach, atá dírithe i dtosach, ar limistéir aonghnéitheacha fiseagrafacha a aithint agus a thugann isteach na heilimintí meastóireachta a bhaineann le híogaíreacht an tírdhreacha de réir a chéile ansin. Seachnaítear coincheapa ar nós fíriciúil, diamhair, álainn, srl., agus leagtar síos critéir oibiachtúla dhúblacha chothromais le haghaidh ainmniúcháin um cheantair shaintréithe tírdhreacha (féach modheolaíocht i Roinn 1.2.2 thíos agus sainmhodheolaíocht arna tógadh ó na Treoirlínte i Roinn 2.2.2).

Is minic gur cúinsí tábhachtacha iad tírdhreach agus radharcra le linn cinntí pleanála a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá sé fíorthábhachtach ceantair shoiléire oibiachtúla um shaintréithe tírdhreacha a shainmhíniú a chabhródh chun beartais chothroime ionchais tírdhreacha a sholáthar d'fhonn treoir a thabhairt d'iarrais agus do chinntí i dtreo is go mbeadh siad in ann ár bpurláin timpeallachta a chosaint i gcoitinne. Ar an gcaoi seo, is féidir tionchair ionchasacha tírdhreacha a réamh-mheas agus a sheachaint fad is a chinnteofar go bhfuil cinntí níos sothuigthe agus níos inghlactha. Nuair a aithnítear ceantair shaintréithe an tírdhreacha, fágann sé go mbíonn treoir ar fáil do lucht pleanála maidir le conas déileáil le cúinsí tírdhreacha agus is slat tomhais mhaith é chun cinntí a dhéanamh.

Is fiú tabhairt faoi deara **nach dtéann na Treoirlínte i ngleic go díreach le cúinsí sainiúla den shráid-dreach i mbailte agus i gcathracha**. Ní thugann na treoirlínte aghaidh ar cheistanna a bhaineann le leagan amach, airde ná dearadh bailte agus cathracha.

2.2. AIDHM, CUSPÓIRÍ AGUS MODHEOLAÍOCHT

Is í aidhm na cáipéise seo ná saintréith tírdhreacha gach chuid den Chontae a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, is é an cur chuige atá ann i leith an tionscadail seo ná an tírdhreach a mheas i dtéarmaí a thréithe nádúrtha fisiceacha agus amhairc de réir mar a mholtar sna **Treoirlínte um Tírdhreacha agus Measúnú Tírdhreacha** arna ullmhaíodh ag an Roinn Comhshaoil.

Ina dhiaidh seo, measfar cumas gach ceantar chun glacadh le hathruithe – go háirithe gan éifeachtaí díréireacha comhshaoil agus amhairc a bheith san áireamh – agus moltar sraith beartas chun forbairtí i ngach aon chineál tírdhreacha a threorú. I bhfocail eile, múnlaítear Beartais um Chosaint an Tírdhreach, chun tírdhreach an Chontae trí chéile a chosaint agus chun cabhrú leis an bplean forbartha agus leis an bpróiseas rialaithe agus cinnteoireachta.

Is é an cur chuige atá ann i leith an tionscadail seo ná an tírdhreach a mheas i dtéarmaí a thréithe nádúrtha fisiceacha agus amhairc, agus ag an am céanna roinnt coincheapa maidir le *luach ordlathais nó suibiachtúil* a chur san

áireamh. Tagann an cur chuige córasach seo ón méid a moladh sna treoirlínte:

‘Is féidir dul i mbun díospóireachta réasúnach maidir le réiteach na gcoimhlintí nó bunú na dtosaíochtaí agus is féidir iad a chosaint trí úsáid a bhaint as argóintí atá bunaithe ar fhianaise, cúiseanna, fasaigh agus comhthoil’. (Lch. 14)

Leanann an mhodheolaíocht ceithre-pas a úsáideadh sa tionscadal seo na céimeanna seo a leanas³:-

1. **Aonaid um Shaintréithe an Tírdhreacha** a aithint trí na nithe seo a leanas a léarscáiliú agus a chomhtháthú;
 - Aonaid agus gnéithe fhisiceacha (brat talún agus tírghné; .i. ithreacha, geolaíocht, úsáid na talún, topagrafacht, srl.)
 - Cuma (.i. aonaid amhairc a aithnítear ó chuaipteanna agus léarscáiliú an tsuímh)
 - Tréithriú (.i. luachanna cultúrtha staire, gréasáin lonnaíochta agus tuairimí an phobail).

Déantar cur síos ansin ar na *hAonaid um Shaintréithe* iarmhartacha i dtéarmaí a saintréithe tírdhreacha. Bailítear fachtóirí sainiúla teorainn ansin le haghaidh gach teorann den aonad saintréithe, agus ar deireadh, aithnítear *Fachtóirí Críiciúla Tírdhreacha* a bhfuil baint acu leis na híogaireachtaí nó stóinseacht ábhartha i dtaca le forbairt de laistigh den aonad.

2. **Íogaireachtaí Tírdhreacha** a shocrú, trí ghnéithe fisiceacha ar nós úsáid talún (bunaithe ar chumhdach talún CORINE) agus topagrafacht (m.sh. línte iomaire) a rangú.
3. Baintear amach ainmniú na **bPríomhréimsí Beartais** trí na hAonaid um Shaintréithe an Tírdhreacha a chur in aon ghrúpa amháin de réir a gcomhchineálacha tírdhreacha. I gContae Loch Garman, tá na 3 phríomhréimse beartais seo réamhaitheanta de réir mar a léirítear thíos:

Príomh-Aonaid	Foranna	Tírdhreacha laistigh de Thírdhreacha
1. Ardtailte		
		Sliabhraon na Staighrí Dubha
		Sléibhte Chill Mhantáin Theas
2. Ísealchríocha		

³ Tabhair faoi deara: is féidir go mbeadh na céimeanna ag forluí thar a chéile i rith an phróisis meastóireachta

	Cnoic Ó Dheas	
	Cnoic Ó Thuaidh	
		Conair na Sláine/na Banna
		Conair na Bearú
3. Cóstaí		
	Cósta Thoir	
	Cósta Theas	

Tábla 1 Príomh-Aonaid Saintréithe, Foranna agus tírdhreacha Chontae Loch Garman

4. Cuirtear **Freagraí Beartais** ar fáil ansin le haghaidh gach Príomhréimse Beartais, a aithníonn na hógaitheachtaí sainiúla agus stóinseacht shainiúil de gach ceantar i dtaca le forbairt.

Tugtar sonraí i Roinn 2.2 ar an modheolaíocht bheacht a úsáidtear le haghaidh gach pas.

Bhí ar an modheolaíocht a úsáideadh le haghaidh an measúnú dul i dtagairt leis an eolais seo a leanas:-

1. Léarscáileanna Suirbhé Ordanáis scála 1:50,000 (Discovery Series) agus Léarscáileanna 6 orlach
2. Ceantair Chonláiste Scéimhe agus Ceantair ar údar Spéise Eolaíochta a chlúdaítear sa Phlean Forbartha an Chontae
3. Tionscadal Cumhdach Talún CORINE.
4. Léarscáil Chomhrianta 10m
5. Léarscáil Fhánaí Loch Garman
6. Léarscáil Gheolaíocht Loch Garman
7. Léarscáil Fho-Ithreacha Loch Garman
8. Léarscáil Ithreacha na hÉireann
9. Clár *Dúchas* na LON, CSC, agus Taifead um Shuímh agus Séadchomharthaí (Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta).
10. Léarscáileanna um Fhardal Coillte (Coillte)
11. Léarscáileanna um Fhóireacha Riarthacha
12. Radhairc Fhótagrafacha (a glacadh le linn cuairteanna ar na suímh)
13. Eolas eile ar nós críochchomharthaí, bealaí ainmnithe siúlóide agus aon gnéithe mealltacha eile do thurasóirí.

2.3. TEORAINNEACHA AGUS TREOIR

De bharr an chur chuige ar baineadh úsáid as sa staidéar seo, is féidir measúnú a dhéanamh ar an gcumas atá ann do dheiseanna forbartha laistigh de tírdhreach a mheas, agus ag léiriú cén cineál forbairtí a bheadh is oiriúnaí, faoi cén coinníollacha agus ag úsáid cén critéir deartha. An cuspóir atá ann ná cead a thabhairt don Údarás Pleanála na ceantair tírdhreacha a bheadh oiriúnach chun forbartha do shaghas amháin ach nach mbeadh oiriúnach do shaghas éigin eile a léiriú. Beidh na freagraí beartais seo i gcomhréir leis an méid íogaireachta do tírdhreach ar leith. Ba cheart go mbeadh cosaint an tírdhreacha agus áiseanna amhairc oiriúnach chun tagartha maidir le haon chinntí a dhéanfar ar gach leibhéal ag dul i raon ó bheartas ar fud an chontae go leibhéal an tsuímh agus is féidir iad a bheith san áireamh sa Phlean Forbartha Chontae.

Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, nach mbaineann an staidéar reatha le tithíocht tuaithe go saineúil agus nach n-áirítear sa Tuarascáil um Mheasúnú Saintréithe an Tírdhreacha straitéisí tithíochta ná beartais ach oiread.

Is iad na critéir a cuireadh chun feidhme sa staidéar seo is bunús le córas ilchríche cosanta, ar féidir a thabhairt cothrom le dáta de réir mar a fheabhsófar léarscáiliú na n-acmhainní criticiúla.

3.0 AN TÍRDHREACH

Is téarma ginearálta é *'An Tírdhreach'* a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar chuma na timpeallachta fisicí. Tá idir eilimintí de dhéantús an duine agus eilimintí nádúrtha inti ar féidir a bheith ina chuid thábhachtach d'fhéiniúlacht an duine nó an phobail. Is féidir leis na patrúin a chruthaítear ag na heilimintí seo a bheith sainsiúil de réir an cheantair. Tá idir ról eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha ag baint leis an tírdhreach – áit na talmhaíochta, na tithíochta agus na staire.

Is de thoradh a chuid codanna geoifisiceacha an tírdhreach freisin – is amhlaidh gur mhúnlaigh an gheolaíocht bhunúsach, ithreacha, seandálaíocht, topagrafacht agus éiceolaíocht an tírdhreach trí chéile. Mar an bonn acmhainne nádúrtha le haghaidh fásra agus ainmhithe, agus mar shuíomh do bhailte agus sráidbhailte agus mar táscaire ar an gcultúr agus an gcaighdeán maireachtála, is cinnte gur acmhainn thábhachtach é nach dtuigtear a luach go minic.

3.1.- TÍRDHREACHA DINIMICIÚLA

Is aonán dinimiciúil é an tírdhreach a bhíonn ag athrú de shíor agus a thugann sár-léargas dúinn ar ghníomhaíochtaí a tharla roimhe seo. Cuirtear codanna nua leis an tírdhreach le himeacht na haimsire, fad is a thagann mionathruithe ar shean-ghnéithe nó déantar iad a athchur. Tá an dinimiceas seo le feiceáil sna patrúin seandálaíochta, lonnaíochta, héiceolaíochta, talmhaíochta, foraoiseachta agus turasóireachta. Is de thoradh idirghníomhaíocht dhinimiciúil idir an cultúr agus an dúlra é tírdhreach na hÉireann, áit arb é dul chun cinn an duine ba chúis le hathrú. Ar an gcaoi chéanna, tá tírdhreacha Chontae Loch Garman faoi réir an éabhlóide chéanna thar na mílte bliain agus leanann sé ag éabhlóidiú agus ag athrú sa lá atá inniu de thoradh ar idirghníomhaíocht dhaonna agus nádúrtha.

3.2.- TÍRDHREACHA AGUS ÚSÁIDÍ TALÚN

Tá úsáid na talún agus an tírdhreach fite fuaite lena chéile. Braithfidh an cineál úsáide is féidir a bhaint as an talamh ar an tírdhreach, fad is féidir le cleachtais um úsáid na talún an tírdhreach a mhúnlú chomh maith. Téann úsáidí talún agus tírdhreacha le chéile chun ceantair saintréithe éagsúla a dhéanamh. I gceantar sléibhtiúil, cur i gcás, is iad na hamh-ghnéithe fisiceacha den aeráid agus den geolaíocht a bheidh i gceannas i saintréith an cheantair. Ina choinne sin, áfach, i réigiúin ísealchríche, eascraíonn úsáid na talún as réimse leathan fachtóirí éagsúla agus slite úsáide éagsúla. Is iad dromchla ceannasach, patrún struchtúrtha agus/nó patrún stairiúil fásra na tréithe is mó a shamhlaítear le húsáid talún. Trí scrúdú a dhéanamh ar shlite úsáide talún ar fud réigiúin, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir ceantair ar nós tailte móna, féir agus/nó tailte curaíochta.

3.3.- COBHSAÍOCHT TALÚN

Tá sé cruthaithe gur tírdhreacha dinimiciúla iad tírdhreacha Chontae Loch Garman (féach Roinn 3.1) agus go leanfaidh siad ag athrú. Beidh na hathruithe sin níos cinnte i gceantair áirithe ná mar atá i gceantair eile, áfach. Meastar go mbeidh ionaid athraithe agus ionaid chobhsaíochta ar fud an réigiúin.

Is dócháil go leanfaidh Ceantair Cois Fharraige faoi bhrú forbartha suntasach sa chontae mar gheall ar fhorbairtí tithe saoire agus athbhaile mar aon le forbairtí a bhaineann le cúrsaí spóirt, áineasa, conláiste agus miondíola.

Is dócháil go dtiocfaidh athrú ar chumhdach na talún sna Tailte Uachtaracha chomh maith toisc an saintréith thánaisteach imeallach de roinnt mhaith de shaintréith na talmhaíochta atá ann i láthair na huaire. Tá seans maith ann go mbainfear úsáid níos mó as an athchoillteoireacht sna ceantair seo sa todhchaí – le feirmeacha fánacha gaoithe - áit a mbeidh cuid acu freagrach as athrú suntasach sa tírdhreach.. Beidh brú dá leithéid le brath ar cheantair chnoic chomh maith – ach beidh sé seo measctha le ceisteanna forbartha eile ag teacht chun cinn ar mhaithe le héagsúlacht tithíochta agus talmhaíochta.

Táthar ag súil go leanfar ag baint úsáid as ceantair ísealchríche mar thailte talmhaíochta de bharr ardchaighdeán agus torthúlacht na n-ithreacha agus tábhacht na talmhaíochta sna réigiúin seo. Táthar ag súil le mionathruithe mar gheall ar dhéine na gcleachtas talmhaíochta agus toisc go leathnófar lonnaíochtaí uirbeacha. Is dócháil go dtiocfaidh athrú ar na conairí abhann laistigh de na ceantair seo de thoradh ar straitéisí bainistíochta le haghaidh cosaint nádúir, áiseanna, cluichí spóirt san uisce, turasóireacht, srl.

3.4.- AG DUL I NGLEIC LE HATHRUITHE

Bíonn sé d'aidhm ag beartais tírdhreacha de ghnáth smacht a choinneáil ar na cineálacha agus luas na n-athruithe seo, chun idirdhealaitheacht agus saintréith gach cuid den tírdhreach – idir ársa agus nua-aimseartha, a chothabháil. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara gur codanna bunúsacha den tírdhreach iad **gníomhaíochtaí daonna – agus na hathruithe a ghabhann leo – agus bíonn tírdhreacha ag athrú de shíor**. Dá bhrí sin, ní iarrann beartais tírdhreacha úsáidí nua ná athruithe a sheachaint. An aidhm atá leo i ndáiríre ná iarracht a dhéanamh dul i ngleic le hathruithe d'fhonn a chinntiú go mbíonn tionchair an athraithe cothrom comhréireach – á chomhardú riachtanais an duine aonair i gcoinne cearta an phobail i dteannta a chéile; ag cinntiú go bhfanann rian na hoidhreachta sofheicthe sa todhchaí.

3.5.- TIONCHAIR TÍRDHREACHA

Ní mór tuairisceoirí tionchair chaighdeánacha a bhunú d'fhonn freastal ar fhorbairtí a bhfuil géarghá leo – fad is atá acmhainní tírdhreacha á chaomhnú ag an am céanna. Tugtar aghaidh ar thábhacht na dtionchar tírdhreacha arna gcruthaítear ag cineálacha difriúla forbairt sa liosta thíos:

Gnáth Grád an Tionchair	Cineálacha Úsáidí Talún
SUNTASACH	Línte Cumhachta; Feirmeacha Gaoithe; Crainn Tarchurtha; Cairéil; Foirgnimh Tionsclaíocha; Coillteoireacht Bhuaircíneach; Eastáit Tithíochta
GNÁTH TIONCHAR	Bóithre; Áitribh; Foirgnimh Feirme; Bonneagar; Miondíol; Tráchtála; Institiúidí; Oideachasúil; Tionscadail Turasóireachta
TAIRBHEACH	Plandáil Dhuillsilteach; Tionscadail Áineasa agus Caomhnaithe; Tionscadail Athchóirithe.

Tábla 2 Gráid an Tionchair a thagann chun cinn ó na cineálacha Úsáidí Talún eagsúla

Beidh cumas gach ceantar saintréithe tírdhreacha chun forbairt nua a ghabháil ag braith den chuid is mó ar íogaireacht na bhfachtóirí tírdhreacha laistigh de gach aon aonad. Beidh na cineálacha forbairtí atá thuasluaite is oiriúnaí nuair atá láidreacht agus íogaireacht an fhachtóra timpeallachta á mheas.

Beidh na forbairtí ar dóchúil go gcruthóidh siad tionchar suntasach timpeallachta, agus tionchar amhairc go háirithe, ionsaithe is fearr i gceantair ina bhfuil an tírdhreach láidir, .i. áit a bhfuil sé de chumas forbairtí a ghabháil.

Is féidir le ghnáthfhorbairtí a bheith lonnaithe i **ngnáth** cheantair tírdhreacha agus tírdhreacha **láidre**, áit ar féidir leis an tírdhreach forbairtí a ghabháil, fad is nach mbeidh tionchair timpeallachta agus amhairc ábhartha ag gabháil leo.

Os a choinne sin, déanfar forbairtí a bhfuil tairbhe ag baint leo ó thaobh na timpeallachta de, a ionsú go héasca ag aon chineál tírdhreacha, cé go mbeidh siad seo is oiriúnaí do cheantair tírdhreacha íogaire, go háirithe nuair a fheabhsódh siad caighdeán an tírdhreacha.

Ba cheart gach forbairt a mheas ar bhonn gach suíomh, áfach, d'fhonn aon tionchar timpeallachta a bhaineann leis a sheachaint, a cheartú nó a íoslaghdú, toisc nach ionann íogaireacht an tírdhreacha laistigh de na haonaid um shaintréithe an tírdhreacha go léir.

4.- TÍRDHREACHA AN CHONTAE

Is de bharr an méid a thit amach san am atá thart na tírdhreacha éagsúla i gContae Loch Garman. Mhúnlaiigh an chéad dream a chuir fúthu anseo, fiagaithe cnuasaitheoirí, an tírdhreach úd seo agus leanann sé a bheith múnlaith sa lá atá inniu ann. I dtreo is gur féidir na tírdhreacha atá ann anois a mheas, tá gá ann a bhfoirmiú agus a mbunús a scrúdú.

4.1.- AG MÚNLÚ AN TÍRDHREACHA: FOINSÍ NÁDÚRTHA AGUS TIONCHAR DAONNA

Tá seacht ré mhóra i luath stair na hÉireann, a bhfuil tionchar acu ar ár dtírdhreacha nua-aimseartha agus a chabhraigh lena múnú:

Ba é an Ré Méisiliteach, a tharla tuairim is 9000 bliain ó shin, an chéad tréimhse lonnaíochta in Éirinn. Tháinig na fiagaithe cnuasaitheoirí seo ar thírdhreach a bhí clúdaithe le coillearnaí a bhí lán le coll, scrobarnach, dair, fuinseog agus péine agus níor chuir sé isteach ná amach ar antírdhreach nádúrtha. D'éirigh an fheirmeoireacht níos fairsinge ansin. le teacht na Tréimhse Neoilití (4000 BC). Rinne na chéad fheirmeoirí réiteach foraoise ar scála mór (crainn ghiúise agus leamháin) agus thug siad isteach úsáidí talún eile i bhfoirm na curaíochta agus tógála stoic .i. modhanna nua talmhaíochta. Ba é toradh ghearradh na gcrann ná fairsingiú an bratphortaigh (fraochmhá) ar fud na Tíre.

Tháinig méadú ar líon na lonnaíochta sna ceantair ísealchríche i Ré an Chré-umha. I rith na hIarannaoise, tháinig claochlú ar an aeráid agus dá bharr bhí ganntanas bia ann agus leathnaigh na portaigh uachtaracha amach; bhí ithreacha bochta/fliucha ann agus stop athghiniúint na gcrann. Go tobann, tháinig athrú suntasach ar an tírdhreach arís leis an gcomhdhlúthú de na lonnaíochtaí a bhí á chosaint ag daingnithe ar bharr chnoic agus créphoirt líneacha, ina raibh bruacha cosanta agus claíocha, a chuaigh ar fud an tírdhreacha iontu.

Tháinig méadú ollmhór ar úsáid na talún le haghaidh féara agus salachar a bhí bainteach le feirmeoireacht féaraigh curaíochta i rith ré na Luath Chríostaíochta. Is de chúis feabhsuithe talmhaíochta ar nós an mhuilinn tóin agus an chéachta go bhféadfaí úsáid fhorleathan a bhaint as an talamh curaíochta. Tháinig méadú ar an daonra agus ar líon na lonnaíochtaí de thoradh ar fheabhsuithe dá leithéid. Bhí liosanna [ar nós *Muchrath*], a bhí timpeall ar áitribh feirme agus páirceanna bairr, ina gnéithe tírdhreacha ceannasacha a bhí de dhéantús an duine. D'fhorbair roinnt mhaith de na lonnaíochtaí Eaglasta ón ré seo i mainistreacha móra (m.sh. Farna, Dún Bróithe agus Mainistir Thinteirn) agus rinneadh ionaid luath-uirbeacha de chuid acu a raibh baint acu le saintionscail. B'ionann an méid a cuireadh i gcríoch sna mainistreacha seo agus gnáthchúraimí na mbailte, mar áiteanna lárnacha luath le feidhmeanna cultais, margaidh agus polaitíochta á gcomhlíonadh acu.

I rith na Meánaoiseanna b'fhorleathan tógáil na gcréphoirt chosanta – *mótaí* - [ar nós Baile an Mhóta] ar fud an tírdhreacha. De réir mar a mhéadaigh an

fheirmeoireacht curaíochta, léirigh an tírdhreach an tábhacht tráchtála a bhain leis an bhfeirmeoireacht le córais nua gréasáin páirce. Tá rian an bhunús sin den tírdhreach le feiceáil sa lá atá inniu ann ar thírdhreacha Chontae Loch Garman.

4.2. TÍRDHREACHA STAIRIÚLA AGUS CULTÚRTHA

Is é lonnaíocht stairiúil an Chontae is cúis le hathruithe sa tírdhreach, idir ghlanadh fásra, méadú na lonnaíochtaí agus bhunú bealaí cumarsáide, faoi mar atá leagtha síos i Roinn 4.1.

Bhí tionchar fisiceach agus cultúrtha ag na bailte plandála agus na córais eastáit ar thírdhreach an Chontae ar an iomlán chomh maith. Fiú inniu, léiríonn patrúin na bpáirceanna ar fud an Chontae gabháltais talún eastáit mhóra ó aimsir na Lochlannaigh agus na Normannaigh.

4.3. AN TÍRDHREACH SA LÁ ATÁ INNIU ANN

Is féidir féachaint ar thírdhreach Chontae Loch Garman mar réigiún ina bhfuil thrí sraith chomhthreomhara a shíneann ón taobh thoir thuaidh go dtí an taobh thiar theas. Is ar mhachaire cósta idir Sléibhte na Staighrí Dubha agus Muir na hÉireann a bhíonn an chuid is mó den lonnaíocht agus an talmhaíocht. Laistigh den phatrún leathan seo, cruthaíonn gnéithe topagrafacha níos lú - cnoic agus conairí abhann – tírdhreacha sainiúla locáilte laistigh de tírdhreacha eile. Táthar ag cur le hionaid thraidisiúnta lonnaíochta uirbeacha anois a raibh bunaithe timpeall ar chalafoirt agus margaf tráth, le patrúin láidre le dlúth-lonnaíocht nua atá taobh leis an gcósta.

4.4 TÍRDHREACHA AMACH ANSEO

Tá patrúin talmhaíochta níos sine faoi bhun athraithe shuntasaigh de thoradh ar athruithe sa Comhbheartas Talmhaíochta i leith fóirdheontais feirme. Is mór an difríocht idir na hionchais todhchaíochta de chúrsaí talmhaíochta sna feirmeacha beaga caoirigh ar na tailte uachtaracha in oirthear an Chontae agus iad siúd ar na feirmeacha móra curaíochta agus déiríochta ar na hísealchríche i ndeisceart an chontae. Is dóchúil go leanfaidh feirmeacha beaga caoirigh ag athrú go tapaigh de réir mar a iarann feirmeoirí le hioncam a shaothrú ó fhiontair nua nó fiontair níos éagsúla. Is beag athrú a thiocfaidh ar na tailte ísealchríche – ach tá seans ann go dtiocfadh méadú ar mhéad na ngabháltas feirme iontu – de thoradh ceannacháin nó léasaithe – agus méadóidh páirceanna agus caillfear fáil dá bharr.

Is dóchúil go dtiocfaidh méadú ar phatrúin nua um chosaint na n-acmhainní timpeallachta toisc a luach radhairc, éiceolaíoch nó áise – go háirithe taobh leis an gcósta, mór chonairí abhann agus ar na tailte uachtaracha.

Gach seans go leanfaidh tionchar a bheith ag méaduithe leanúnacha i líon agus méid na gceantar atá faoi bhrú le haghaidh tithíocht tuaithe ar na hathruithe tírdhreacha seo go léir toisc na nósanna imeachta bunúsacha

déimeagrafacha agus eacnamaíocha – go háirithe laistigh de na dobharcheantair ina bhfuil ionaid fostaíochta iontu cheana féin agus a phríomhbhealaí iompair.

Is iad na próisis cheannann chéanna seo ar dóchúil a chruthóidh tuilleadh brú chun cumas gach chineáil bonneagair a uasghrádú agus a mhéadú, le haghaidh iompar, fuinneamh, seirbhísí uisce agus cumarsáidí – chomh maith le bonneagar nua sóisialta – ar nósforbairtí áineasa, sláinte, oideachais agus riaracháin.

5.0 MEASÚNÚ

5.1.0 RÉAMHRÁ

Is é atá i gceist le luacháil an tírdhreacha ná measúnú de na fachtóirí nó na gnéithe atá ina phríomhtréithe de cheantair tuaithe éagsúla. Ina measc siúd tá fachtóirí cultúrtha agus fisiceacha – áirítear geolaíocht, tírghné (m.sh. topagrafacht agus fána), cumhdach talún (m.sh. fásra agus úsáid talún) chomh maith le stair an tírdhreacha (m.sh. seandálaíocht agus pátrúin lonnaithe) sa dara cheann. Cabhraíonn na fachtóirí sin agus teorainneacha um Cheantair Saintréithe Tírdhreacha a aithint (féach Roinn 3) agus chun na saintréithe de thírdhreach dá leithéid a shainmhíniú.

Déantar cur síos ginearálta ar na bhfachtóirí tírdhreacha de Chontae Loch Garman sna ranna seo a leanas:-

5.2.0 Fachtóirí Tírdhreacha Nádúrtha

I measc na fachtóirí tírdhreacha nádúrtha áirítear gnéithe fisiceacha ar nós geolaíocht, ithreacha agus topagrafacht. Is fachtóirí intreacha den timpeallacht nádúrtha is ea iad seo, a chuireann uirlisí iontaofa oibiachtúla ar fáil chun measúnú tírdhreacha a dhéanamh. Déanann na ranna thíos cur síos ar na príomhghnéithe de na fachtóirí nádúrtha éagsúla:

5.2.1. Topagrafacht, Fána agus Iomairí

Topagrafacht

Is é atá sa tírdhreach ná sléibhte, cnoic agus áiteanna arda eile a bhfuil gleannta, aibhneacha agus sruthanna faoina n-iamh acu agus a shainmhíniú a leithéid. 'Topagrafacht' a dtugtar ar na hathruithe seo go léir le chéile ar chruth agus airde na talún agus is fachtóirí fíor thábhachtacha iad chun tuiscint a fháil ar líon na talún mórthimpeall atá faoi iamh. Áirítear Linte Iomaire, Fána agus Airde ar na fachtóirí tábhachtacha a théann i bhfeidhm ar an tsli a fheictear ar thírdhreach.

Linte Iomaire

Is gnéithe líneacha tírdhreacha iad *príomhlínte iomaire* a shainmhíniú mullach sléibhe/cnoic agus feictear díreach i gcoinne na spéire iad nuair a fheictear orthu ó beagnach áit nó fad ar bith ar thalamh. Is minic a shamhlaítear *línte iomaire tánaisteacha* le speireacha ar leiceann sléibhe,

agus nuair a fheictear orthu ó treonna nó faid áirithe bheadh príomhlíne iomaire os a chionn sa chúlra, a chruthaíonn an spéirlíne.

Is iad línte iomaire is cúis le féiniúlacht a thabhairt do cheantar, mar feidhmíonn sé mar lárphointe ceannasach tírdhreacha, agus sainmhíníonn sé méid na dobharcheantar radhairc. Toisc gur talamh mín réidh atá i gContae Loch Garman den chuid is mó, níl línte iomaire ceannasacha mar fhachtóir chomh suntasach sin, ach amháin in iarthar an Chontae áit a bhfuil na Staighrí Dubha agus sléibhte Chill Mhantáin theas, a thugann sainiú imfhalaíthe agus saintréithe suntasach.

Fána agus Airde

Tugtar le tuiscint ón líne fhána a úsáideadh sa tionscadal seo an pointe trasdula, áit arb é 10% grádán na talún. Roghnaíodh an grádán seo ar an ábhar gur léirigh obair shuirbhé a rinneadh roimhe seo gurbh é an fána faoinar tógadh tithe atá ann cheana go ginearálta (b'fhéidir toisc na riachtanais chréphoirt agus innealtóireachta níos mó atá ag teastáil le haghaidh struchtúir ar fhánaí níos géire). Is gnách go mbíonn forbairtí ar fhánaí géara níos feiceálaí.

Is fachtóir tírdhreacha suntasach eile í airde de bharr go mbeidh tailte in airde sofheicthe thar achair fhada, go háirithe i gceantar ísealchríche ar nós Loch Garman. Is mór an tionchar atá ag fánaí níos géire agus airde arda ar tionchair amhairc d'fhorbairtí ar an tírdhreach agus, dá bhrí sin, is cinnte go mbeidh siad le cur i gcuntas agus freagra ar an mbeartas á ullmhú.

An Cósta

Is gné tírdhreacha an-tábhachtach é an líne inar tagann an talamh agus an fharraige le chéile toisc na háiseanna áineasa agus radhairc a chruthaítear dá barr. Tá cóstaí ísle i Loch Garman i gcoitinne agus is beag éifeachtaí tírdhreacha a chruthaítear atá le feiceáil ó fhaid níos mó ná 300m ón gcladach. Toisc teacht chun cinn na turasóireachta cósta, áfach, tá pátrún lonnaíochta éagsúil ar leith tagtha chun cinn agus saintréithe tírdhreacha ann dá bharr laistigh de 2 – 3 km den chladach ar fud an chontae. Ar an ábhar sin, tá aitheantas tugtha don tírdhreach idir an cósta agus an bóthar comhthreomhar is cóngaraí mar aonad tírdhreacha tábhachtach sainiúil.

5.2.2. Geolaíocht agus Ithreacha

Léiríonn éagsúlacht na dtírdhreacha atá le fáil i gContae Loch Garman gur iomaí cineál carraige atá ar chothrom na talún nó thíos faoin dromchla. Is cuid de stair gheolaíoch a théann siar 530 milliún bliain na carraigeacha seo. Tá pátrún láidir soiléir ag Geolaíocht an Chontae a mhúnlaíonn pátrún tírdhreacha an chontae. Leanann an trasdul ollmhór atá ann idir na carraigeacha, arb iad is cúis leis an difríocht idir na tailte ísealchríche agus na tailte uachtaracha, líne an N 11 agus an N30 beagnach go díreach. Baineadh úsáid as chun suíomh an líne idir na Tailte Uachtaracha agus na Tailte Ísealchríche a dheimhniú, chun críocha na tuarascála seo.

5.2.3. Fásra agus Cumhdach Talún

Tríd is tríd, tá na tailte ísle agus an chuid is mó de na ceantair ar an gcósta i gContae Loch Garman an-torthúil agus ar ardchaighdeán, de thoradh choinníollacha na hithreach agus na draenála. É sin ráite áfach, tagann forbairt ar roinnt ceantair ó thuaidh agus sna ceantair uachtaracha san iarthar a fhágann go mbíonn an talamh bocht nó measartha, toisc a dtréithe ithreach, draenáil, aeráid agus topagrafacht. Is chun críocha na feirmeoireachta féaraigh agus curaíochta is mó a bhaintear úsáid as an talamh sa Chontae. Tá leibhéal suntasach feirmeoireachta curaíochta ann, go háirithe i ndeisceart an Chontae. Bíonn paistí de pháirceanna cruithneachta agus bairr fite fuaite le tailte féaraigh atá sainmhínithe go maith, agus le chéile cruthaíonn siad patrún mósáice sna ceantair ísealchríche.

Tá féara portaigh forleathan sa tuaisceart agus san iarthuaisceart, áit a bhfuil ceantair mhóra mhóna le fáil mar aon le ceantair foraoiseachta buaircínigh atá ag dul i méid i gcónaí.

Mar sin de, is fásra íseal atá i gContae Loch Garman i gcoitinne (m.sh. talamh féaraigh agus féara portaigh) agus fálta ísle sceach atá dea-chóirithe (timpeall páirceanna móra féaraigh agus tailte curaíochta den chuid is mó), a bhfuil gaol idir eatarthu agus tréithe ithreach go minic. Is gnách go mbíonn cuma chomhionann ar an saghas seo fásra, gan tionchar acu ar an radharc, agus a ligeann d'infheictheacht ar feadh na mílte, agus dá bhrí sin, ní bhítear in ann forbairt nua a ghabháil agus an fásra seo ann.

Cé gur tréith de chuid thírdhreacha Chontae Loch Garman iad fálta ísle atá dea-chóirithe, tá crainn le fáil i bhfálta go fiáin sa sceach mórthimpeall ar pháirceanna beaga agus bóithre áitiúla i gceantair áirithe sa Chontae. Cuireann na fálta sceach seo isteach beagáinín ar radharc an duine de chéin, ag tabhairt roinnt cosanta nó foscadh agus dá bhrí sin, cumas gabhála.

Tá plandálacha buaircínigh stáit agus phríobháideacha, chomh maith le coillearnaí beaga duillsilteacha le fáil ar fud an Chontae, go háirithe ar bhairr chnoc agus i mbun chnoc. Toisc go bhfuil na crainn buaircínigh den tsóirt shíorghlas, airde agus suíomh na bplandálacha, ní fheictear cuid mhaith den talamh thar achair fhairsinge de bharr foraoisí buaircínigh, agus is gné suntasach den tírdhreach iad i gceantair faoi leith sa Chontae. Bíonn an éifeacht de imeall garbh acu i gcoinne an spéirlíne agus cuireann siad isteach ar imlíne na talún i gcoitinne.

5.3.0 FACHTÓIRÍ DAONNA TÍRDHREACHA

Is de thoradh a chodanna geoifisice é an tírdhreach den chuid is mó. Bhí ról ag an ngeolaíoch bhunúsach, ithreacha, seandálaíocht, topagrafacht agus éiceolaíocht maidir le múnúlú an tírdhreacha amhairc. Mar an bonn acmhainne nádúrtha, .i. gnáthóg an fhásra agus na n-ainmhithe, ceantar lonnaithe do bhailte agus sráidbhailte, agus táscaire ar an gcaighdeán maireachtála agus

den chultúr, srl., is cuid thábhachtach den timpeallacht fhisiceach é an tírdhreach. I ngnáth téarmaí, tá fachtóirí dúchasacha nádúrtha ar nós topagrafacht agus ithreacha i dteannta le roinnt mhaith ról tábhachtacha eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha le chéile sa tírdhreach – ar nós suíomh na talmhaíochta, na tithíochta agus na staire.

5.3.1. Fachtóirí Oidhreachta agus Eolaíochta

Cé nach fachtóirí intreacha tírdhreacha iad, léiríonn ainmnithe éiceolaíochta, radhairc agus áise ceantair a bhfuil ard-mheabhraíocht ag an bpobal orthu agus mar sin de d'fhéadfaí iad a mheas mar cheantair a bhfuil luach suntasach tírdhreacha ag baint leo.

Tá roinnt ceantair d'oidhreacht nádúrtha eolaíochta liostaithe sa Phlean Forbartha Chontae reatha, i gcomhréir lena n-ainmniúcháin mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha molta (LONm), Ceantar Speisialta Caomhnaithe iarrthóra (CSCi), Láithreáin Sainspéise Eolaíochta agus Láithreáin Sainspéise Radhairc. Baineann beartais i dtaobh na gceantar seo lena gcosaint agus lena gcaomhnú, chun a chinntiú go gcaomhnófar a saintréithe bunúsacha.

Is ainmnithe náisiúnta iad na LON a tugadh isteach faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000. Cé nach bhfuil na hainmnithe seo i bhfeidhm go fóill, toisc nár achtaíodh an reachtaíocht ábhartha, baineann beartais na Comhairle Contae maidir leis na limistéir sin lena gcosaint agus lena gcaomhnú.

Cruthaíodh Ceantair Speisialta Caomhnaithe faoi Treoir na nGnáthóg (92/43/CEE) chun gnáthóga agus/nó speicis ar leith a chosaint, a chaomhnú agus, nuair is féidir a athshlánú. Tá CSC ainmnithe tiomsaithe laistigh de chreatlach cheantair chosanta – .i. *Natura 2000*.

Tá láithreáin sainspéise eolaíochta sa Chontae chomh maith. Is cuspóir de chuid na Comhairle é freisin na ceantair seo a ainmníodh mar láithreáin sainspéise eolaíochta a chaomhnú agus a chosaint.

5.3.2. Oidhreacht Chultúrtha

Tá athruithe tagtha ar an tírdhreach ar fud an Chontae de bharr lonnaíochtaí stairiúla, trí mheán gearradh an fhásra, méadú lonnaíochtaí agus bunú bealaí cumarsáide.

Léiríonn an chaoi a bhfuil na suímh agus na séadchomharthaí scaipthe leathadh na lonnaíochtaí stairiúla. Tá tionchar ag an bpátrún stairiúil seo ar ghnéithe cultúrtha tírdhreacha den Chontae.

6.0 SAINTRÉITH AN TÍRDHREACHA

6.1. Réamhrá

Is iad na tréithe a fhaightear sa tírdhreach de ghnáth ná fachtóirí fisiceacha ar nós tírghné agus cumhdach talún – topagrafacht, uisce, fásra, lonnaíochtaí, srl.- a tagann ón stair gheolaíoch agus gheomoirfeolaíoch, agus trí luachana intreacha ar nós suáilcí staire, cultúrtha nó reiligiúnach.

Dá bharr sin, is é is brí le ceantair saintréithe tírdhreacha ná aonaid saintréithe comhchosúla agus gnéithe tírdhreacha ar leith a bhfuil caighdeán agus iomláine tírdhreacha acu atá ar aon réim lena chéile.

7.2.- Cineálacha Modheolaíochta Tírdhreacha

Déantar cur síos ar na trí pasanna móra atá i gceist leis an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh sa staidéar seo thíos:-


• Pas a hAon Aonaid Fhisiceacha a Aithint

Is é seo an chéad pas deisce, áit a mbailítear na sonraí léarscáile seo a leanas le haghaidh an Chontae;

- Topagrafacht (Comhrianta, Fánaí & Línte Iomaire)
- Ithreacha agus Fo-Ithreacha
- Geolaíocht
- Cumhdach Talún CORINE
- Foraoiseacht & Teorainneacha Páirce
- Pátrúin Lonnaíochta

Cuireann topagrafacht eolas luachmhar ar fáil dúinn ar mhaithe le measúnú tírdhreacha. Is féidir línte iomaire, idir phríomhlínte agus línte tánaisteacha, agus fánaí a aithint ar léarscáileanna topagrafacha comhrianta 10m. Is mór an chabhair iad seo chomh maith agus ceantair saintréithe tírdhreacha á aithint.

Léiríonn an líne fhána a úsáidfear sa tionscadal seo an pointe trasdula, áit arb é 10% grádán na talún (féach Roinn 2.1.2.). Is mór an tionchar atá ag fána ar thionchair amhairc maidir le forbairt an tírdhreacha agus, dá bhrí sin, is cinnte go mbeidh siad le cur i gcuntas ag an gcéim um fhreagra beartais. Tá sampla den fhána agus den líne iomaire agus den teicníocht léarscáilíochta fána léirithe i bhFigiúr 6 thíos




Figiúr 6. Teicníocht Léarscáilíochta Fána agus Line Iomaire

Cé nach mbíonn geolaíocht agus ionadaíocht amhairc n-ithreacha soiléir go minic, léiríonn siad fachtóir suntasach i luacháil tírdhreacha. Cabhraíonn úsáid na sonraí seo chun teorainneacha a dheimhniú a aithníodh cheana féin le measúnú súl agus sonraí léarscáile eile.

Taispeánann an léarscáil um Chumhdach Talún CORINE an chlúdach dromchla den Chontae ag úsáid modheolaíochta caighdeánach Eorpach, ag roinnt an chumhdaigh talún i 19 fochatagóirí faoi na catagóirí seo a leanas;

- Dromchlaí Saorga
- Ceantair Talmhaíochta
- Ceantair Fhoraoiseachta agus Leathnádúrtha
- Bogaigh
- Coirpíní Uisce

Soláthraíonn an cumhdach talún a aithníodh sa Tionscadal CORINE eolas luachmhar faoi na húsáidí talún a chabhraíonn chun aonaid amhairc nó criosanna um úsáid talún d'aonfhoirmeacht a aithint. Tugann sé eolas maidir le híogaireacht na dtírdhreacha chomh maith (féach Roinn 4)



Figiúr . Léarscáil um Chumhdach Talún CORINE

Beidh na léarscáileanna go léir forluaite chun ath-teagmhais de teorainneacha trasdula idir tréithe fisiceacha a scrúdú. Is é an t-aschur deireanach den chéad chuid den phas seo ná léarscáil fhisiceach.

- **Pas a Dó Aonaid Amhairc a Aithint**

Sa pas seo déantar suirbhé ar an gContae d'fhonn aonaid amhairc aonghnéitheacha a bhunú, is féidir na teorainneacha le haghaidh a leithéid a bheith mar thoradh ar méid na bpáirceanna amhairc, an trasdul ó chineál tírdhreacha amháin go tírdhreach eile, nó an aonad íomhá a bhaineann le ghné ceannasach ar leith, a fheidhmíonn mar lárphointe.

Cuirtear an chéad mhodh i bhfeidhm ar cheantair atá iniata go feiceálach go háirithe ag sraith príomhlínte iomaire mar shampla. Úsáidtear an dara modh de ghnáth i gceantair nach bhfuil teorainn beacht soiléir ann agus bheadh gá le sonraí léarscáile le haghaidh an chinnidh deireanach.

Soláthróidh na haonaid amhairc an bonn le haghaidh **Aonaid um Shaintréithe an Tírdhreacha** leis na sonraí léarscáile fhisicí ag soláthar daingniú de na teorainneacha beachta nó trasdula. I roinnt gcásanna, ina gcomharthaíonn eilimintí éagsúla teorainn trasdula, úsáidtear líne imchoimeádach phoncaithe scothoiriúna le chlaonadh i dtreo na heilimintí is soiléire go feiceálach. Tá an imchoimeádach scothoiriúna seo á thacú de ghnáth le tréithe amhairc den cheantar a fheictear le linn cuairteanna saothair allamuigh. Tá sampla léirithe thíos.

- **Pas a Trí Luachanna Tírdhreacha a Aithint**

Sa bhreis ar na tréithe fisiceacha agus amhairc den tírdhreach, cuireann pobail agus daoine aonair luachanna áirithe leis an tírdhreach. Is féidir cur síos a dhéanamh ar luachanna tírdhreacha mar na buntáistí timpeallachta nó cultúrtha (lena n-áirítear seirbhísí agus feidhmeanna) a thagann ó thréithe tírdhreacha éagsúla. I gcásanna áirithe, tá an saintréith de tírdhreach ar leith ionadach dá chineál, ag soláthair féiniúlacht bunaithe ar uathúlacht nó annamhacht.

Is iad seo a leanas na luachanna níos minice a bhaineann le tírdhreach:

- Aeistéitiúil
- Éiceolaíoch
- Stairiúil (Seandálaíochta)
- Soch-chultúrtha
- Reiligiúnach
- Miotaseolaíoch

6.3. Príomh-aithint

Tá na tírdhreacha i gContae Loch Garman ilchineálach, ag dul i réimse ó phatrúin talmhaíochta coimpléascacha sna tailte ísle go iomairí uachtaracha le fásra teoranta agus fásra/leathan-gleannta abhainn saibhir.

Taispeánann staidéir deisce agus iniúchtaí láithreáin na príomh-Aonaid um Shaintréithe an Tírdhreacha den Chontae. Déantar Aonaid Shaintréithe a aithint ar fud an tírdhreacha ina bhfuil sainsiúlacht amhairc agus féiniúlacht ann trí leanúint le tréithe cosúla (ar nós fána, úsáid talún agus fásra) Toisc go bhfuil cuma agus íogaireacht an tírdhreacha laistigh de gach Aonad Saintréithe cosúil, tá na haonaid an-áisiúil chun beartais a chur i bhfeidhmiú go seasta agus go soiléir, toisc go mbeidh na héifeachtaí den fhorbairt comhsheasmhach agus i gcoibhneas laistigh de gach ceann de na ceantair seo.

Tá an tírdhreach de Chontae Loch Garman roinnte i 9 Aonaid Shaintréithe de réir mar atá imlínte thuas.

Príomh-aonaid	Foranna	Tírdhreacha laistigh de Thírdhreacha
1. Tailte Uachtaracha		
		Sliabhraon na Staighrí Dubha
		Sléibhte Chill Mhantáin Theas
2. Tailte Ísle		
	Cnoic Ó Dheas	
	Cnoic Ó Thuaidh	
		Conair Sláine/na Banna
		Conair na Bearú
3. Cóstaí		
	Cósta Thoir	
	Cósta Theas	

Na Príomh-Aonaid Saintréithe, Foranna agus tírdhreacha Chontae Loch Garman

7.0 PRÍOMHCHEANTAIR AGUS PRÍOMHBHEARTAIS SAINTRÉITHE AN TÍRDHREACHA

Tugann an roinn seo cur síos gairid ar an bpríomh *Criosanna Tírdhreacha* a aithnítear ag na réamhchéimeanna. Le haghaidh soiléiriú íogaireacht tírdhreacha déan tagairt ar *Roinn 7*.

Ullmhaítear tacair bheartais táscacha a bhaineann leis na tréithe tírdhreacha, láidreachta ábhartha agus íogaireachtaí agus tá siad soláthartha thíos do gach Aonaid um Shaintréithe an tírdhreacha. Ba cheart na beartais *táscacha* thíos a bheith léite i dteannta leis na bhfachtóirí criticiúla tírdhreacha de gach aonad saintréithe, a shonraítear sa roinn roimhe seo.

Ba cheart Measúnuithe um Shaintréithe an Tírdhreacha a bheith léite freisin i dteannta leis an **Íogaireacht Tírdhreacha** a ndéantar cur síos air sa chéad chaibidil eile.

7.1. Talamh Íseal

Tá tailte torthúla don chuid is mó san áireamh sa Cheantar Saintréithe Ísealchríche agus leibhéil daonra arda agus dianbhainistíocht talún (talmhaíocht) acu. Tarlaíonn an fána agus topagrafach sa cheantar i dtrasdul éadomhain/céimseach. Bíonn tailte talmhaíochta tréithrithe de ghnáth ag radhairc fairsinge trasna páirceanna móra de bharr fálaíthe ísle bearradh i gcoitinne. Is féidir an t-aonad saintréithe seo a rangú go ginearálta mar aonad **láidir** nó **gnáth** aonad, ach is féidir ceantair **íogaire** nó fachtóirí tírdhreacha a aimsiú i suímh áirithe chomh maith.

Laistigh de na Tailte Ísle tá roinnt foranna tábhachtacha – agus “tírdhreach laistigh de thírdhreach” – mar seo a leanas:-

Tá dhá cheantar de thailte ardaithe – *Na Cnoic Ó Thuaidh agus Ó Dheas* – ina bhfuil comhchruinnithe de cheantair ardaithe iontu a iniann nó a ghabhann ceannas go feiceálach ar an tuaithe áitiúil. Laistigh de na ceantair seo tá comhchruinnithe níos airde ná na gnáth chomhchruinnithe de shuímh feiceálacha ina mbeidh forairdeall breise riachtanach agus iarratais phleanála á mheas.

I gcodarsnacht leis na gceantair ardaithe tá dhá Príomhchonair Abhainn atá thar a bheith áille ó thaobh radharc de – An Sláine agus an Bearú – a dhéanann na tailte ísle sa Chontae a thraschríosadh. Astu seo is é an Sláine an cheann is eisceachtúil de bharr a mhéid, a lárnacht sa chontae agus a charachtar atá gan mhilleadh. Is ceantar eile é seo ina mbeidh forairdeall breise riachtanach agus iarratais phleanála á mheas.

- A aithint go bhfuil éagsúlacht tírdhreacha oibre sna ceantair seo agus go mbíonn an chuid is mó de dhaonra an Chontae laistigh de na príomhbhailte agus ar ghabháiltais tuaithe. Ionchorpraíonn siad seo na príomhbóithre náisiúnta agus bóithre réigiúnacha, agus iarnróid chomh maith.

- Leanúint ag ceadú forbairt ar féidir an bonneagar atá ann anois a úsáid, fad is thógtar deiseanna ionsaithe a chuirtear ar fáil ón tírdhreach agus fásra réimeach faoi deara.
- Forbairt a spreagadh nach mbeidh toradh diúltach aige ar an tírdhreach ag leibhéal áitiúil nó micrea-leibhéal de réir mar a fheictear air ó cheantair san fhearann poiblí.
- Forbairt ar fhánaí géara a mheas, ag cinntiú nach mbeidh tionchar díréireach nó amhairc aige ar an gcomhshaoil mórthimpeall mar a fheictear ó cheantair san fhearann poiblí.
- Na pócaí substaintiúla d'úsáidí talún cónaitheach agus tuaithe a aithint i roinnt láithreáin agus na brúnna atá ag teacht chun cinn le haghaidh úsáidí talún difriúla den tionscal, fuinneamh gaoithe agus forbairt chónaitheach sa réimse beartais seo.
- Leanúint ag éascú an fhorbairt oiriúnach i tslí forásach a léiríonn meas do scála an charachtair agus d'íogaireachtaí an tírdhreacha.
- A aithint go mbíonn tionchar díréireach uaireanta ag forbairt ard toirtiúil sa timpeallacht íseal oscailte seo i gcoinne an tírdhreacha go háirithe nuair a fheictear air ó na ceantair ísle san fhearann poiblí.
- Forbairt a spreagadh nach mbeidh éifeacht díréireach aici ar an tsaintréith atá ag an tírdhreach cheana i dtéarmaí suímh, deartha, agus suntasacht amhairc.

7.2. Ceantair Uachtaracha

Tá an Ceantar Saintréithe Tírdhreacha tréithrithe ag talmhaíocht agus tógáil stoic ar leibhéal déine ísle, plandálacha coillte buaircíneach agus roinnt limistéir de fhásra trasdula (m.sh. fraochmhá, aiteann, coillearnaí scrobarnach).

Laistigh de na ceantair uachtaracha tá na línte iomaire agus scáthláin suntasach. Tá na ceantair bhairr cnoic seo tréithrithe ag draenáil bhocht agus níos mó gaoithe/báistí, le raon fásra agus úsáid talún teoranta. Tá crainn cranda nó neamhláithreach an-fheiceálach de bharr na hairde.

Caithfear é a thógáil faoi deara chomh maith go bhfuil comhchruinnithe chairéil i roinnt ceantair laistigh den aonad seo. Is féidir an t-aonad saintréithe seo a rangú mar aonad **íogaire** nó **gnáth** aonad go ginearálta. Meastar go bhfuil na línte iomaire **íogaire** go **somhille**, áfach.

Is iad na ceantair trasdula ná iad siúd atá lonnaithe idir cheantair ísle agus uachtaracha. Tá páirceanna réasúnta móra le fála ísle agus crainn beaga scaipthe iontu. Úsáidtear an talamh den chuid is mó chun stoic a thógáil nó d'úsáid talmhaíochta measctha. Is féidir foraoiseacht bhuaircíneach, roinnt

foraoiseacht dhuillsilteach agus roinnt coillearnach trasdula ar fhánaí géara a fháil laistigh de na ceantair seo. Is féidir an trasdul idir na dá cheantar saintréithe a bheith rangaithe den chuid is mó mar **gnáth** ceantar nó ceantar **láidre**, cé go bhfuil siad **íogaire** ag suímh áirithe.

BEARTAIS

Ba cheart na beartais tascacha thíos a bheith léite i gcónaí i dteannta leis na bhfachtóirí criticiúla tírdhreacha de gach aonad saintréithe, a shonraítear sa roinn roimhe seo.

- Cruthaíonn an ceantar sainsiúil agus fairsing seo den Chontae aonad beartais de bharr na tréithe amhairc cosúla de fhánaí géara, línte iomaire suntasacha agus fásra fothana teoranta, ag fágáil an cheantair laistigh d'oiriúnacht cosúil d'fhonn forbairt nua a ghabháil.
- Forbairt a spreagadh nach mbeidh tionchar amhairc díréireach aici (de bharr an iomad toirte, scála nó suíomh neamhoiriúnach) agus nach gcuirfear isteach go mór nó nach dtógfar ó radhairc áille ar thailte uachtaracha, nuair a fheictear orthu ó cheantair san fhearann poiblí.
- Forbairtí a bhfuil riachtanas suímh acu a bheith suite ar shuímh ardaíthe a éascú (m.sh. struchtúir teileachumarsáidí agus fuinnimh ghaoithe). Tá sé riachtanach a chinntiú go seachnófar nó go maolófar tionchair amhairc díobhálacha nuair is féidir.
- Forbairt a spreagadh nach rachaidh i bhfeidhm nó trí ranna sainsiúla de phríomhlínte iomaire nuair a fheictear orthu ó cheantair san fhearann poiblí.
- An charachtar a chaomhnú d'aon cheantar nach raibh faoi réir forbartha cheana féin, a choimeád charachtar uachtarach/móinteán neamhchorraithe.
- Forbairt ar fhánaí géara a mheas, ag cinntiú nach mbeidh tionchar díréireach nó tionchar amhairc cheannasach aige ar an gcomhshaoil mhórthimpeall de réir mar a fheictear air ó cheantair san fhearann poiblí.

7.3 CÓSTAÍ

Tá saintréith suntasach ag na Limistéir Chósta a fhorluíonn go minic i bhfoirm grod ar an Saintréith Tailte Ísle atá go flúirseach. Go ginearálta, ciallaíonn an topagrafacht réidh agus an neamhláithreach de chladaí carraige go bhfuil an tsaintréith de na ceantair chósta difriúil ar feadh faid ghearr amháin ón gcladach. Tá eisceacht tábhachtach amháin ag baint leis an ginearálú seo a thugann an sainmhíniú de dhá chineáil difriúla de Thírdhreacha Cósta laistigh den Chontae;-

Cósta Thoir

Tá an cósta seo tréithrithe ag cóstaí fada, réasúnta díreacha de ghaineamh nó scaineagán cúlaithe ag aillte ísle.

Cósta Theas

Tá an cósta seo tréithrithe ag ceantair imfhalaite suntasacha – cosúil le Cuan Bhanú, Baile Taidhg, Loch Sáile agus Loch Tóchair. Ciallaíonn na gnéithe seo go dtéann an tsaintréith chóstach i bhfad níos mó intíre ná ar an gcósta thoir.

BEARTAIS

Breathnaítear ar an gcósta ísealchríche mar lár-réimse beartais ar leith [Féach Léarscáil 8 freisin] mar tá tréithe tírdhreacha, íogaireachtaí agus stóinseacht aige atá an-difriúil.

Aithníonn an Measúnú go bhfuil forbairt chónaitheach substaintiúil le fáil i roinnt láithreáin agus go bhfanfaidh brúnna breise le haghaidh forbairt chónaitheach sa réimse beartais seo.

- Forbairt turasóireachta agus conláiste oiriúnach a éascú i modh forásach, nuair is féidir, a léiríonn scála, saintréith agus íogaireachtaí an tírdhreacha.
- Forbairt a spreagadh nach mbeidh éifeacht díréireach aici ar an saintréith den timpeallacht chósta atá ann cheana i dtéarmaí suímh, deartha, agus suntasacht amhairc.
- Forbairt a spreagadh nach rachadh i bhfeidhm nó trí ranna líneacha sainsiúla phríomhlínte iomaire agus línte cósta nuair a fheictear orthu ó cheantair san fhearann poiblí.
- Aon cheantair nach raibh faoi réir forbartha le déanaí nó roimhe seo agus a choimeád saintréith chósta atá réasúnta neamhchorraithe a chaomhnú.

8.0 ÍOGAIREACHT AN TÍRDHREACHA

8.1 RÉAMHRÁ – TÍRDHREACH AGUS TIONCHAIR AMHAIRC

Deirtear go gcuimsíonn an *Tírdhreach*: “*Gach rud atá infheicthe nuair a fheictear trasna achar talún*”⁴

Athraíonn gach tírdhreach agus is féidir forbairtí nua dul i bhfeidhm air go pointe áirithe. D’aidhm rialaithe na forbartha agus chun tionchair amhairc díréireacha agus éifeachtaí ar an tírdhreach agus an pobal ar an iomlán a sheachaint, tá sé tábhachtach méid an talaimh atá faoi thionchar amhairc ag aon fhorbairt molta a bhaint amach. Mar sin féin, tá sé chomh tábhachtach céanna chumas an tírdhreacha chun athrú a ghlacadh a mheas.

Dá réir sin, agus d’aidhm na cáipéise seo, tá gnéithe tírdhreacha rangaithe maidir lena méid d’íogaireacht, .i. cumas an tírdhreacha chun glacadh le forbairt gan tionchair radhairc díréireacha a chruthú. Tá sraith rannáin agus saintréith suntasach ag gach ceann acu sa tírdhreach. Tugtar táscaire íogaireachta do gach aonad saintréithe, a léiríonn cé chomh somhailte agus a bheidh an tírdhreach i leith athruithe ar a tsaintréith. Léireoidh na catagóirí critéir na gcumas chun glacadh le forbairt nua chomh maith leis an bpoitéinseal chun tionchair amhairc díréireacha a chruthú.

Téann meascán de na fachtóirí seo a leanas i bhfeidhm ar chumas cheantair chun glacadh le fóbairt ó thaobh amharc de:-

- 1) *Topagrafacht – de ghnáth beidh forbairt i gceantair ardaithe infheicthe thar achar leathan; ní bheidh forbairt i gceantair atá faoi iamh infheicthe.*
- 2) *Fásra – is féidir le ceantair a thacaíonn (nó a bhfuil sé ar a gcumas iad a thacú) crainn, fálaíthe arda agus fásra adhmaidach forbairt nua a chlúdach as radharc. Ní bheidh ceantair nach féidir leo a leithéid de fhásra a chothú in ann forbairt nua a chlúdach.*
- 3) *Forbairt – níl forbairt nua chomh dóchúil le bheith feiceálach i gcomhthéacs na forbartha atá ann cheana sa tírdhreach.*

Achoimre:-

- Ba cheart go mbeadh **ard-phoitéinseal** chun forbairt nua a ghlacadh ag ceantair ina bhfuil topagrafacht, fásra sciata agus/nó forbairt atá ann cheana.

⁴ Guidelines for Landscape and Landscape Assessment, Department of the Environment, 2001

- Ba cheart go mbeadh **íseal-phoitéinseal** chun forbairt nua a ghlacadh ag ceantair ina bhfuil topagrafach ardaithe, fásra íseal nó éadrom agus beagáinín forbartha eiseadh ann.

Cabhraíonn na fachtóirí tírdhreacha do gach ceann de na Aonaid um Shaintréithe an Tírdhreacha atá imlínithe i Roinn 4, chun íogaireacht an tírdhreacha agus cumas ionsaithe an tírdhreacha i gContae Loch Garman a aithint.

Chun sainmhíniú níos fearr a thabhairt ar mhéid agus shuíomh cheantair tírdhreacha íogaire agus gnéithe laistigh de na hAonaid Saintréithe, déantar anailís ar an gceantar úsáide talún a thagann as.

Tá na catagóirí san **Eochair Chriosaithe Íogaireachta** mar seo a leanas:

EOCHAIR	CUR SÍOS
1 = Díghrádaithe	Ceantair tréithrithe ag dianscaoileadh na bpróiseas nádúrtha nó truailliú (m.sh. móinte gearrtha, sean-cheantair dramhaíola mianraí)
2 = Láidir	Ceantair ina bhfuil forbairt agus bonneagar ann cheana. Treisíonn forbairt nua pátrúin eiseadh um úsáid talún inmhianaithe.
3 = Gnách	Cineál saintréithe comónta leis an bpoitéinseal chun glacadh le raon leathan forbairtí nua.
4 = Íogaireacht	Saintréith shuntasach le roinnt cumais chun glacadh le raon teoranta forbairtí nua oiriúnacha agus a shaintréith eiseadh á chothabháil aige.
5 = Somhíllte	Gnéithe an-suntasacha le cumas an-íseal acu chun glacadh le forbairt nua gan athruithe suntasacha teacht ar an saintréith eiseadh thar réimse leathnaithe.

Tábla 7. Eochair Chriosaithe Íogaireachta

8.2. TÍRDHREACHA SOMHILLTE

Tá tírdhreacha somhíllte sainmhínithe ag gnéithe timpeallachta líneacha cosúil leis na gcladaigh de na príomhchoirpíní uisce (lochanna, aibhneacha móra, cóstaí, inbhir) agus na hiomairí nó spéirlínte de shléibhte, chnoic, chinn tíre agus cinnfhearainn. Tá spéirlínte móra le feiceáil thar achar leathan (beidh aon cheantar infheicthe i gcoinne an spéirlíne má fheictear air ó airde níos ísle).

Is gnéithe feiceálacha den tírdhreach nádúrtha iad seo go léir a mheallann an súil de bharr codarsnachta láidre i bhfoirm agus i ndath nuair a thagann an talamh agus an spéir nó an uisce le chéile. Dá bhrí sin, léiríonn siad gnéithe somhíllte ar an tírdhreach mar tá an poitéinseal ag aon fhorbairt ar nó in aice le cladaí nó spéirlínte dul i bhfeidhm ar an sláine amhairc den chomhshaoil mhórthimpeall.

8.3. TÍRDHREACHA ÍOGAIRE

Déantar na ceantair tírdhreacha íogaire a shocrú trí na catagóirí um úsáid talún seo a leanas ón Tionscadal um Chumhdach Talún CORINE a mheascadh*:-

Talamh féaraigh nádúrtha	Carraigeacha Loma	Ceantair le fásra éadrom
Caoráin agus sruthlán	Scrobarnach coillearnaí trasdula	Tránna, dumhcha, gainimh
Inbhir	Foraois Leathanduilleach	Riasca Intíre
Sruthchúrsaí	Coirpíní uisce	Murlaigh Chósta
Foraois Mheasctha	Talamh Talmhaíochta le ceantair suntasacha d'fhásra nádúrtha	

Áiríonn na catagóirí um úsáid talún seo ceantair atá oscailte agus nochta le cumhdach fásra éadrom agus íseal atá neamhleor chun clúdach a sholáthar. Fiú má tugtar plandáil isteach, ní bheidh siad in ann fásra ard suntasach a thacú de bharr an nádúr nochta de na ceantair seo. Dá bharr seo, bheadh aon fhorbairt infheicthe thar achar leathan. Is é an eisceacht ó seo ná foraois leathanduilleach measctha agus ceantair choillearnaí trasdula nach dtacaíonn fásra ard leis an bpoitéinseal acu chun forbairt a chlúdach. Tá na catagóirí seo íogaire de bharr a saintréith nádúrtha agus a fhad sa thírdhreach, áfach; bheadh tionchar amhairc ar achar leathan ag aon chaillteanas dá struchtúr.

8.4. GNÁTHTHÍRDHREACHA

Déantar na ceantair atá san áireamh sa chatagóir seo a shocrú trí na catagóirí um úsáid talún seo a leanas ón Tionscadal um Chumhdach Talún CORINE a mheascadh:-

Tailte féaraigh	Talamh arúil neamhuiscithe	Barra bliantúla bainteach le barra buana
Patrún saothraithe casta	Foraois bhuaircíneach	

Tábla 9. Catagóirí na gnáth úsáidí talún

Cuireann na catagóirí seo um úsáid talún na príomh-réimsí de fheirmeoireacht agus tithe cónaithe tuaithe san áireamh. Bíonn claonadh acu siúd a bheith srianta go ceantair ísle nó droimneacha go bog ina bhfuil na coinníollacha réasúnta torthúla agus dá bhrí sin oiriúnach chun fásra ard a thacú, a bhféadfaidh forbairt a chlúdach agus mar sin a ghlacadh. Bíonn an fásra i bhfoirm gharráin bheaga de chrainn nó fálta sceach fásta a fhoroinneann páirceanna go minic.

* The CORINE 1996 mapping data does not include units below 25 hectares in extent. Due to this, many small villages and areas of ribbon development are not recorded on the land cover map.

8.5. TÍRDHREACHA LÁIDRE

Déantar ceantair atá san áireamh sa chatagóir seo a shocrú trí na catagóirí seo a leanas um úsáid talún ón Tionscadal um Chumhdach Talún CORINE a mheascadh:-

Creatlach Leanúnach	Uirbeach	Creatlach Neamhleanúnach	Uirbeach	Aonaid tionsclaíocha nó tráchtála
Aerfoirt		Áiseanna Fóillíochta	Spóirt agus	

Tábla 10. Catagóirí na n-Úsáidí Talún Láidre

I measc na gcatagóirí um úsáid talún seo tá bailte agus ceantair faoi fhoirgnimh, fo-uirbeacha agus ceantair forbartha eile. Is féidir leis na ceantair seo forbairt nua a thacú, mar tá níos lú dóchúlachta ann go mbeadh sé feiceálach i gcomhthéacs na forbartha eiseadh sa tírdhreach.

Is féidir breathnú ar cheantair díghrádaithe mar chuid de na ceantair láidre toisc go bhfuil forbairt nua i gceantair dhíghrádaithe inmhianaithe mar mheáin chun an tsaintréith eiseadh den shuíomh a fheabhsú. Tá ceantair díghrádaithe tréithrithe ag dianscaoileadh na bpróiseas nádúrtha nó truailliú, ina n-áirítear na catagóirí um úsáid talún seo a leanas ón Tionscadal um Chumhdach Talún CORINE:-

Suímh eastósctha mianraí	Suímh Tógála	Suímh Fuílligh
--------------------------	--------------	----------------

Tábla 11. Catagóirí na n-úsáidí talún díghrádaithe

8.6. Léarscáiliú Íogaireachta an Tírdhreacha

Úsáidtear eolas um chumhdach talún agus topagrafach chun na catagóirí d'íogaireacht an tírdhreacha i gContae Loch Garman a shocrú (.i. *Somhíllte, Íogaire, Gnách agus Láidir*).

Úsáidtear léarscáileanna topagrafacha, comhrianacha agus rastair chun gnéithe somhíllte a shocrú, fad agus atá socrú na dteorainneacha de na catagóirí eile bunaithe ar shonraí atá ann cheana (.i. CORINE), atá léarscáilithe ag úsáid teicnící oibiachtúla, bunaithe agus rianúla.

8.7 TÍRDHREACHA SOMHILLTE

Tá ról tábhachtach ag príomhlínte iomaire (nach bhfuil le feiceáil i gcoinne na spéire ó gach aon ionchas) agus línte tánaisteacha (nach bhfuil le feiceáil ach ó ionchais áirithe faoi príomhlíne iomaire ó chéin) ag soláthar ceantar lena bhféiniúlacht, ag feidhmiú mar lárphointí tírdhreacha ceannasacha, agus ag sainmhíniú méid na ndobharcheantair amhairc.

De bharr tionchair cheannasach na línte iomaire, go háirithe i gcontae atá faoi cheannas tailte ísle, is féidir cuma míréireach a bheith ar fhorbairt i gcoinne an tírdhreacha ina bhfuil sé. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach nach gcuireann forbairt isteach ar ionracas na línte iomaire.

8.8 Tírdhreacha ÍogaireNuair atá ceantar rangaithe faoi na gcórais rangaithe um chumhdach talún de chuid CORINE i ngrúpaí a mheastar le bheith tascach

ar phoitéinseal íseal chun glacadh le forbairt shuntasach gan athrú suntasach ar shaintréith a bhraith ansin tá an cumas ag an gceantar a bheith íogaire. Tá na ceantair seo táscach agus tugtha d'athrú áitiúil thar thréimhse ina bhfuil cumhdach fásra nó cleachtaí bainistíochta talmhaíochta mar na phríomh-chinntitheacha.

D'fhéadfadh íogaireacht an athraithe éirí as foinsí an-difriúla m.sh. d'fhéadfadh coillearnaí a bheith íogaire d'fhorbairt ina bhfuil gearradh na gcrann ag teastáil cé gur féidir portaigh móna a bheith íogaire d'fhorbairt ina bhfuil cur crann ag teastáil.

Cuirtear ceantar maoláin de 0.25km i bhfeidhm sna réigiúin tírdhreacha íogaire aitheanta, chun cruinneas na dteorainneacha sainmhínithe ag íomháineachas satailíte a fheabhsú (Cumhdach Talún CORINE). Tá sé dóchúil go mbeidh tréithe ag an gcrios trasdula atá cosúla don cheantar cóngarach i dtéarmaí tírdhreacha.

Ba cheart go mbeadh an phríomh-ról ag an Rialú Forbartha de léarscáiliú íogaireachta an tírdhreacha ná chun meabhraíocht (agus iniúchadh) a ardú faoin bpoitéinseal le haghaidh suntasacht amhairc bhreise nó díréireacha. Beidh measúnú tionscadal ar thionscadal, d'aidhmeanna rialaithe forbartha ag teastáil d'fhonn láithreach agus suntasacht na híogaireachta agus a gcuid ábharthachta i leith na sonraí faoi leith d'aon fhorbairt molta (má tá ceann ann).

8.9 GNÁTHHÍRDHREACHA

Is é atá i bhformhór na léarscáile ná tuath íseal le fána bog i Loch Garman. Go ginearálta, bíonn dlúthgréasáin pháirceanna, bóithre agus lonnaíochtaí ag na ceantair seo agus tá siad scaipthe le húsáidí talún ina n-áirítear talamhghnó, turasóireacht, innealtóireacht éadrom, bonneagar, cairéalaithe agus feirmeacha gaoithe níos déanaí.

Tá sé de chumas ag formhór na gceantar glacadh go héasca le forbairtí ó 5 - 10m in airde – dá bhrí sin is annamh a bhíonn tionchair amhairc suntasacha nó athruithe i saintréith an tírdhreacha ann thar fhaid níos mó ná 0.5Km. In ainneoin seo beidh athruithe an-áitiúla in éagsúlacht na topagrafachta (suntasachtaí, iomairí) nó éagsúlacht an fhásra (páirceanna an-mhór agus/nó ceantair fairsinge de fhálaí ísle) a bheidh méadaithe áitiúla in íogaireacht an tírdhreacha mar thoradh air. Aithneodh agus measúnóidh measúnú tionscadal ar thionscadail, d'aidhmeanna rialaithe forbartha, na saincheisteanna mionscála seo.

8.10 TÍRDHREACHA LÁIDRE

Tá sé de chumas ag ceantair uirbeacha, bailte agus na purláin de shráidbhailte níos mó agus tailte a úsáidtear go dian i gcomhar gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta (cosúil le cairéalaithe) chun raon leathan chineálacha agus scálaí d'fhorbairt bhreise a ghlacadh go héasca gan athrú suntasach ar shaintréith an tírdhreacha. Caithfear tabhairt faoi deara go

d'fhéadfadh go mbeadh saincheistanna um dhearadh uirbeach agus ailtireachta nó comhthéacs cultúrtha fós le cur san áireamh.

8.11 FÁNAÍ > 15%

Tá ceantair chomhtheagmhála le hachar níos mó ná 50ha agus le fána de 15% (1 as 15) nó níos mó léarscáilithe thíos (féach Figiúr 2). Tugann siad seo comhartha de cheantair ardaithe ar dóchúil a bheith níos mó feiceálach ná an tuath mórthimpeall. Is dóchúil go gcruthóidh a leithéid de cheantair an comhthéacs le haghaidh gnéithe somhillte níos mó ar nós línte iomaire.

Beidh an íogaireacht iarbhir an-athraitheach – go príomha de bharr an airde, dlús, agus cóngarachacht an fhásra agus na gcrann fásta. Dá bhrí sin, cé gur féidir poitéinseal ginearálta do shoghontacht agus íogaireacht a bheith ag ceantair dá leithéid, cuimseoidh siad ceantair leis an bpoitéinseal cheana chun glacadh le forbairt i gcónaí mar thírdhreacha atá rangaithe mar “gnách”.

Tá ceantair locáilte de thopagrafachacht géar le fáil freisin ar fud na tuaithe ar scála níos lú ná mar a thaispeánfaidh an léarscáiliú seo,

go háirithe taobh le sruthchúrsaí agus ag an gcósta. D'fhéadfadh sé seo suntasacht áitiúil suntasach a chruthú a bheidh measúnú tionscadail ar thionscadail riachtanach uaidh d'aidhmeanna Rialaithe Forbartha.

8.12 RÉIMSI BEARTAIS

Ceantair Shaintréithe Tírdhreacha

Ullmhaíodh Léarscáil ag braisliú ghnéithe tírdhreacha fisiceacha agus topagrafacha – ceantair tírdhreacha scéimhe, fánaí agus línte iomaire -. Léiríonn sé ceantair a bhfuil eilimintí tírdhreacha amhairc comhchosúla acu agus poitéinseal insamhlaithe chun forbairt nua a ghlacadh. Níl na teorainneacha cruinn nó cinnte ach táid tascach. Cabhróidh siad seo chun beartais tírdhreacha a chur le chéile i dtreo is go seachnófar go n-athróidh forbairtí sa todhchaí saintréith an tírdhreacha de na haonaid a thuairiscítear.

Is féidir cur síos a dhéanamh ar Cheantair Saintréithe Tírdhreacha níos sonraithe agus ar scála níos lú chomh maith. Tá aonchineálacht tírdhreacha go forleathan agus tá trasdula an-céimseacha den shaintréith tipiciúil i Loch Garman, áfach. Sna cúinsí seo níl sé dóchúil go mbeadh sé oiriúnach nó praiticiúil “Aonaid um Shaintréithe an Tírdhreacha” a ullmhú a chlúdaíonn an Chontae ar fad. Tá aonaid ar scála níos lú i bhformhór na n-aonad imeallacha um shaintréithe an tírdhreacha – go háirithe dorchlaí abhainn nó srutha chomh maith le gnéithe cósta agus bairr chnoic an-áitiúil. D'fhéadfá iad seo a léarscáiliú agus cur síos a dhéanamh orthu mar shraith léarscáileanna (agus

achomair) agus tuarascálacha féin-chuimsitheach de gach ceantar. Ní féidir iad a léarscáiliú ar scála ar fud an chontae.